# 04 Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme QAB

**Stair Athraithe**

| **Ainm an Doiciméid** | **Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme QAB** |
|---|---|
| **Dáta Cruthaithe** | **15 Aibreán 2024** |
| **Úinéir an Doiciméid** | **Rúnaíocht QAB** |

**Rialú Leagain**

| **Dáta na hEagarthóireachta** | **Uimh. Leagain (tar éis na heagarthóireachta)** | **Eagarthóir** | **Cur síos ar an Athrú e.g. uimhir leathanaigh/achoimre ar na hathruithe a rinneadh** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Tá an Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme bunaithe ar cheithre phríomhphrionsabal: athbhreithnithe bunaithe ar fhianaise, cur chuige comhpháirtíochta i leith rannpháirtíochta, neamhchlaontacht agus trédhearcacht agus cumarsáid shoiléir. Dearadh an próiseas chun leanúint ar aghaidh le spiorad na comhghleacaíochta agus an mheasa, a bhí mar bhunús leis an athbhreithniú Tosaigh ar iarratais ar fhaomhadh QAB.

Is é cuspóir an phróisis seo faomhadh leanúnach na gclár céime QAB a dhearbhú agus a dheimhniú, ina bhfíoraítear go bhfuil na cláir á seachadadh i gcomhréir leis na gealltanais a rinneadh in aighneacht tosaigh na hInstitiúide Ard-Oideachais (HEI) chuig an QAB, agus comhleanúnachas chuspóirí agus torthaí an chláir in aghaidh na gCritéar Dámhachtana Gairmiúla agus Treoirlínte (PACG).

Bainistíonn Rúnaíocht an QAB (an Rúnaíocht) an próiseas athbhreithnithe um chur chun feidhme. Is í Rúnaíocht QAB an pointe teagmhála le linn an phróisis agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag: qab@education.gov.ie

Tá an próiseas á dhéanamh ar bhonn píolótach i R4 2023 agus le linn 2024. Tarlóidh sé i roinnt céimeanna, mar a leagtar amach sa doiciméad seo. **Tar éis an Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme a dhéanamh ar bhonn píolótach d'fhéadfadh na doiciméid seo, agus an próiseas féin, a bheith faoi réir athraithe.** Cuirfear aon athruithe a dhéantar in iúl do HEIanna, agus foilseofar na doiciméid leasaithe ar líne.

**1. Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme**

i. Déanfaidh Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme a cheapfaidh an QAB gach athbhreithniú agus beidh sí comhdhéanta de cheathrar comhaltaí faoi stiúir Cathaoirligh.

ii. Beidh na scileanna cuí ag comhaltaí uile na foirne agus áireofar orthu daoine a bhfuil taithí acadúil, phraiticiúil agus/nó bheartais acu.

iii. Cuirfear an HEI ar an eolas maidir le comhaltas na foirne roimh an athbhreithniú agus seiceálfaidh Rúnaíocht an QAB i dtionól na foirne agus ag an bpointe seo nach bhfuil aon choinbhleachtaí leasa ann.

**2. Réamhchuairt lena n-áirítear sainaithint agus fógra chuig an HEI**

i. Sainaithneoidh Rúnaíocht an QAB an HEI le hathbhreithniú bunaithe ar na critéir bhunaithe – dáta faofa agus a bheith i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain ar a laghad.

ii. Déanfaidh an Rúnaíocht teagmháil leis an HEI tuairim is trí mhí roimh an athbhreithniú chun tús a chur le comhordú leis an HEI agus le Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme, chun sceideal cuairte a chomhaontú agus cáipéisíocht a eisiúint le comhlánú.

iii. Oibreoidh an Rúnaíocht leis an HEI ar an gcáipéisíocht atá le comhlánú agus is féidir teacht ar shamplaí de na doiciméid ar shuíomh gréasáin an QAB. Déanfaidh Rúnaíocht QAB athbhreithniú ar aighneachtaí i ndáil le hiomláine agus déanfar teagmháil leis an HEI chun aon sonraí nó doiciméad/doiciméid atá in easnamh a sholáthar, más amhlaidh an cás. Taifeadfar freagraí ón HEI ar an tiomántán slán inmheánach.

iv. Déanfaidh Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme athbhreithniú freisin ar dhoiciméid a chuir an HEI isteach roimhe sin ar a n-áireofar: an t-iarratas tosaigh ar fhaomhadh an QAB, tuarascáil an athbhreithneora, aon fhoirmeacha leasaithe cláir a fuarthas ó fhaomhadh an QAB, agus aon cháipéisíocht ábhartha eile a sholáthraíonn an Rúnaíocht.

v. Déanfaidh Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme athbhreithniú deisce ar na doiciméid ábhartha uile roimh an gcuairt suímh. Cuirfear aon cheisteanna a ardaíonn Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme roimh an gcuairt suímh chuig an HEI trí Rúnaíocht an QAB. Go ginearálta, déanfar athbhreithniú ar chláir san ord inar faomhadh iad agus tar éis dóibh a bheith i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain ar a laghad.

**3. Cuairt Suímh**

i. Tabharfaidh Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme cuairt lae ar an HEI, ina mbeidh cruinnithe acu leis an mbainistíocht, le baill foirne agus mic léinn, agus athbhreithniú ar áiseanna. Ag deireadh na cuairte suímh beidh coimriú ó bhéal le Foireann Ceannaireachta an HEI. Tabhair faoi deara go mbeidh breathnóir thar ceann Rúnaíocht an QAB i láthair le linn cuairteanna suímh don tréimhse phíolótach.

ii. Comhaontófar an sceideal cuairte roimh ré idir an HEI agus an Rúnaíocht.

iii. Eisítear doiciméad chuig gach comhalta d'Fhoireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme lena úsáid go hinmheánach chun tacú lena n-athbhreithniú (agus ní thugtar ar ais do Rúnaíocht an QAB é).

**4. Iarchuairt**

i. Tar éis na cuairte cuirfidh Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme dréacht-tuarascáil le chéile

ii. Comhlánóidh Cathaoirleach Fhoireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme Teimpléad Chomhthuarascáil an Athbhreithneora le comhaontú na Foirne uile agus seolfar ar ais chuig Rúnaíocht an QAB é.

iii. Eiseoidh an Rúnaíocht an dréacht-tuarascáil chuig an HEI

iv. Tiocfaidh Foireann an Athbhreithnithe le chéile ar líne leis an HEI chun an dréacht-tuarascáil a phlé, más gá.

v. Iarrfaidh Foireann an Athbhreithnithe aiseolas maidir le cruinneas fíricí na tuarascála ón HEI – trí Rúnaíocht an QAB.
vi. Nuair a chuirtear i gcrích í, ní mór do Chathaoirleach Fhoireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme an Chomhthuarascáil a dhátú agus a shíniú (go leictreonach) agus í a chur chuig Rúnaíocht an QAB ar ríomhphost.
vii. Teastaíonn ón QAB a bheith chomh tacúil agus is féidir do sholáthraithe le linn an phróisis seo atá in ainm is a bheith cuiditheach agus tacúil do na soláthraithe cláir.
viii. Tabharfaidh na hAthbhreithneoirí barúlacha cuiditheacha don HEI ar an gcéad dul síos.
ix. Má thugann na hathbhreithneoirí moltaí atá lasmuigh de shainchúram an PACG, cuirfear iad sin in aguisín a chuirfear ar fáil don HEI, dá dteastódh uathu breathnú air.
x. Cuirfear an HEI ar an eolas gur ann d'aguisín nuair a chuirtear cinneadh an QAB ar fáil dóibh agus tabharfar deis dóibh cóip den aguisín a iarradh. Ní mór aguisín le Comhthuarascáil Athbhreithneora a iarradh trí ríomhphost chuig qab@education.gov.ie
xi. Eiseoidh Foireann an Athbhreithnithe an tuarascáil deiridh agus a moltaí chuig an QAB.
xii. Iarrtar ar athbhreithneoirí a ndoiciméid le húsáid go hinmheánach a scriosadh tar éis deireadh an phróisis, is é sin, nuair a chuirtear an próiseas iomlán (lena n-áirítear athchur isteach mura bhfuil an moladh dearfach) i gcrích agus go bhfuil a gcinneadh deiridh déanta ag an QAB. Cuirfidh Rúnaíocht an QAB na hathbhreithneoirí ar an eolas maidir le stádas aighneachta.

**5. Cinneadh an QAB**

i. Nuair a chuireann na hathbhreithneoirí Comhthuarascáil an Athbhreithneora ar ais chuig Rúnaíocht an QAB seiceáiltear an tuarascáil go hinmheánach (i.e. i ndáil le comhréir agus leagan amach chun cuma agus braistint chomhsheasmhach a chinntiú). Ní dhéanfaidh an Rúnaíocht aon athruithe ar chinneadh Fhoireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme.
ii. Eisítear an tuarascáil ansin ar ríomhphost chuig comhaltaí uile an Bhoird agus pléitear ag cruinniú Boird sceidealaithe í. Féadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh glacadh leis an moladh nó diúltú don mholadh atá i gComhthuarascáil an Athbhreithneora. Is é a bheidh i gcinneadh deiridh an Bhoird maidir leis an gclár sin:
    - gur measadh gur chomhlíon sé ceanglais Chritéir Dámhachtana Gairmiúla agus Treoirlínte (PACG).
    - gur measadh nár chomhlíon sé ceanglais Chritéir Dámhachtana Gairmiúla agus Treoirlínte (PACG).
iii. Cuirfear dáta chinneadh an QAB isteach sa tuarascáil. Ansin déanann Rúnaíocht QAB ainmneacha a bhaint as an tuarascáil agus í a fhormáidiú i ndoiciméad pdf nach féidir eagarthóireachta a dhéanamh air.
iv. Eisítear Tuarascáil Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme agus litir fhoirmiúil ina luaitear cinneadh an QAB chuig an HEI ar ríomhphost. Má chuir na hAthbhreithneoirí Aguisín ar fáil, cuirfear é sin in iúl don HEI. Má iarrann an HEI an t-aguisín a fheiceáil, cuirfear é sin ar aghaidh ar leithligh, ar iarratas ó Rúnaíocht an QAB chuig an HEI.
v. I gcás ina meastar nach gcomhlíonann clár an PACG, comhaontaítear tréimhse eatramhach. Tabharfaidh an tréimhse eatramhach deis don HEI chun na saincheisteanna a sainaithníodh sa tuarascáil a leigheas laistigh d'amfhráma comhaontaithe (suas le trí mhí). Cuirfidh Foireann an Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme tuarascáil isteach arís chuig an QAB chun cinneadh a fháil.
vi. Is féidir achomharc a dhéanamh i gcúinsí áirithe agus tá sonraí faoin bpróiseas achomhairc anseo.

vii. Cuirfear cinneadh an QAB in iúl don HEI agus foilseofar ar shuíomh gréasáin an QAB é.
viii. Faoi láthair, táthar ag súil go nglacfaidh an próiseas uile tuairim is sé mhí ón bhfógra chuig HEI go dtí go n-eisítear cinneadh an QAB.
ix. Is féidir cláir a mheastar nach bhfuil ceanglais PACG comhlíonta acu tar éis an próiseas eatramhach a chur i gcrích a chur isteach arís chuig an QAB lena bhfaomhadh. Má roghnaíonn HEI clár a chur isteach arís, ba cheart don institiúid an próiseas a leagtar amach sa phróiseas don chur isteach arís a leanúint. Ní fhoilseofar ar leathanach gréasáin an QAB ach amháin cláir a meastar go bhfuil ceanglais PACG comhlíonta acu (ar an aighneacht tosaigh, cur isteach arís, leasú cláir, athbhreithniú um chur chun feidhme nó le linn seiceáil fíoraithe). Cuirfear dáta deiridh ar leathanach gréasáin an QAB le cláir a bhfuil a bhfaomhadh QAB tarraingthe siar.

**6. Comhlíonadh Sonraí**

Leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) na príomhphrionsabail atá i gcroílár an réimis ghinearálta um chosaint sonraí. Seo a leanas na príomhphrionsabail a leagtar amach sa reachtaíocht: dlíthiúlacht, cothroime, agus trédhearcacht, teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, cruinneas, teorannú stórála, sláine agus rúndacht agus cuntasacht. Leagtar amach na príomhphrionsabail sin ag tús reachtaíocht RGCS, agus déanann siad difear go díreach agus go hindíreach do rialacha agus oibleagáidí eile a fhaightear sa reachtaíocht.

Tá an fhoireann doiciméad a leanas ar fáil le tacú le hobair an QAB chun comhlíontacht a chinntiú le RGCS agus áirítear Fógra maidir le Príobháideachas an QAB ann. Tá an próiseas lena mbaineann an doiciméad idir lúibíní:

**HEI**

i. Fógra maidir le Príobháideachas QAB
ii. Comhaontú um Chomhroinnt Sonraí idir an QAB agus gach HEI chun sonraí pearsanta a chomhroinnt [Cur i bhfeidhm Tosaigh Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]
iii. Teimpléad C.V. (chun sonraí pearsanta léachtóirí a chomhroinnt) [Cur i bhfeidhm Tosaigh Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]
iv. Comhaontú um Próiseáil Sonraí idir an QAB agus an Roinn Oideachais [Cur i bhfeidhm Tosaigh Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]

**Athbhreithneoir**

i. Ráiteas Rúndachta sínithe ag gach athbhreithneoir ainmnithe [Cur i bhfeidhm Tosaigh Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]
ii. Ráiteas um Choinbhleacht Leasa sínithe ag gach athbhreithneoir ainmnithe [Cur i bhfeidhm Tosaigh Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]

Cinnteoidh Rúnaíocht QAB go gcuireann na hAthbhreithneoirí/HEIanna na doiciméid i gcrích agus go seolann siad ar ais iad de réir mar is cuí i ngach próiseas.